2025/2281

14.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2281 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla maidir le cáilíocht, taifeach agus próiseáil íomhánna den aghaidh, sonraíochtaí a bhfuil gá leo chun an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) a fhorbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/816 bunaítear an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN). Leis an gcóras sin, is féidir le húdarás lárnach Ballstáit nó le húdarás inniúil eile a fháil amach go pras agus go héifeachtúil cé na Ballstáit ag a bhfuil faisnéis faoi thaifid choiriúla náisiúnaigh tríú tír.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na bearta is gá chun ECRIS-TCN a fhorbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil, lena n-áirítear na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le sonraí alfa-uimhriúla agus méarlorg.

(3) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) arna bunú le Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), tá sí freagrach as ECRIS-TCN a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla agus na tástála ábhartha, mar aon le bainistiú oibríochtúil an chórais.

(4) Chun idir-inoibritheacht seirbhísí poiblí ar leibhéal an Aontais a áirithiú, ba cheart ailtireacht ECRIS-TCN a bheith i gcomhréir leis an gcreat Eorpach idir-inoibritheachta mar a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2019/817 ([4]) agus (AE) 2019/818 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Sa chreat sin tá seirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha ina stóráiltear, de bhun Airteagal 13(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/818, teimpléid d'íomhánna den aghaidh, lena n-áirítear teimpléid d'íomhánna den aghaidh a iontráiltear in ECRIS-TCN, lenar féidir sonraí bithmhéadracha a chuardach i gcórais faisnéise éagsúla de chuid an Aontais.

([1]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/816/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena leagtar síos na bearta is gá chun an córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) a fhorbairt agus a chur chun feidhme go teicniúil (IO L 322, 16.12.2022, lch. 107, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2470/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1726 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1726/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle (IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).

(5) Chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis lárnacha íomhánna den aghaidh a iontráil in ECRIS-TCN, is gá sonraíochtaí teicniúla a leagan síos maidir le cáilíocht, taifeach agus próiseáil na n-íomhánna den aghaidh.

(6) Go dtí go dtiocfaidh an gníomh tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2019/816 i bhfeidhm, níor cheart íomhánna den aghaidh a úsáid chun cuardach a dhéanamh sa chóras. Ba cheart a n-úsáid a theorannú faoi láthair do chéannacht náisiúnaigh tríú tír a sainaithníodh mar thoradh ar chuardach alfa-uimhriúil nó ar chuardach inar úsáideadh sonraí méarlorg a dheimhniú, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/816, agus do chéannachtaí iomadúla a bhrath ar fud na gcóras TF idir-inoibritheach i gcomhréir le hAirteagal 13(1), pointe (b), agus Airteagal 27(2) de Rialachán (AE) 2019/818.

(7) Is príomhghné í cáilíocht sonraí chun cruinneas a bhaint amach, atá ar cheann de na bunphrionsabail cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus in Airteagal 4(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]). Bíonn tionchar ag cáilíocht na n-íomhánna den aghaidh a stóráiltear ar fheidhmiú cuí aon phróisis meaitseála uathoibrithe a úsáideann iad, agus ar an amharc-chigireacht sa phróiseas chun céannacht a dheimhniú, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2019/816. Dá bhrí sin, na ceanglais cáilíochta sonraí a leagtar síos don tseirbhís chomhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha agus do na córais eile a chuireann léi, ba cheart na híomhánna den aghaidh in ECRIS-TCN iad a chomhlíonadh chun meaitseáil iontaofa a ráthú.

(8) Níor cheart íomhánna den aghaidh a iontráil in ECRIS-TCN ach amháin i gcás ina gceadaítear le dlí náisiúnta an Bhallstáit chiontaithigh íomhánna d'aghaidh daoine ciontaithe a bhailiú agus a stóráil de bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/816.

(9) Ós rud é go ndíríonn Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 ar na sonraíochtaí teicniúla a bhaineann le sonraí alfa-uimhriúla agus méarlorg, tugtar isteach leis an gCinneadh seo na sonraíochtaí teicniúla ábhartha maidir le híomhánna den aghaidh.

(10) Níorbh fhéidir go teicniúil staitisticí ar leithligh a ghiniúint maidir le líon na dtaifead ina bhfuil bratacha arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/816, le haghaidh ciontuithe i gcion sceimhlitheoireachta agus in aon chion coiriúil eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Dá bhrí sin, níor cheart é a bheith riachtanach a thuilleadh staitisticí ar leithligh den sórt sin a ghiniúint.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 a leasú dá réir.

(12) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní raibh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2019/816 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, níl sé de cheangal ar an Danmhairg an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

(13) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní raibh Éire rannpháirteach i nglacadh Rialachán (AE) 2019/816 agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, níl sé de cheangal ar Éirinn an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

([6]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 (IO L 236, 19.9.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1240/oj).

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim uaidh an 5 Meitheamh 2025.

(15) Leis an gCinneadh seo, tugtar isteach ceanglais cheangailteacha le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha tras-Eorpacha de réir bhrí Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Dá réir sin, tá measúnú idir-inoibritheachta déanta agus tá an tuarascáil a tháinig as sin foilsithe ar an Tairseach um Eoraip Idir-inoibritheach.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 38 de Rialachán (AE) 2019/816.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina n-áirítear sonraí alfa-uimhriúla in éineacht le sonraí méarlorg nó íomhá d'aghaidh duine, nó in éineacht leo araon, i dtaifead sonraí a cruthaíodh in ECRIS-TCN i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/816, déanfar na sonraí alfa-uimhriúla a nascadh lena sonraí méarlorg comhfhreagracha agus leis an íomhá chomhfhreagrach den aghaidh.';

(b) cuirtear mír 4 seo a leanas leis:

'4. Beidh an t-algartam comhbhrúite íomhánna den aghaidh a mbainfear úsáid as de réir mholtaí na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíochta ('NIST').

Ní chomhbhrúfar íomhánna den aghaidh ach uair amháin agus beidh na coinníollacha comhbhrúite seo a leanas i gceist:

(a) comhbhrúite le caighdeán comhbhrúite íomhánna agus córas códúcháin JPG (ISO/IEC 10918) nó JPEG 2000 (ISO/IEC 15444);

(b) cóimheas uasta comhbhrú íomhánna 20:1 a cheadaítear.';

(2) cuirtear isteach an tAirteagal 2a seo a leanas:

'*Airteagal 2a*

Sásra fíoraithe cáilíochta sonraí

1. Agus sonraí alfa-uimhriúla, sonraí méarlorg nó íomhánna den aghaidh á n-iontráil nó á modhnú in ECRIS-TCN, úsáidfidh údarás lárnach an Bhallstáit chiontaithigh sásra fíoraithe cáilíochta sonraí nó a choibhéis ina mbogearraí náisiúnta do chur chun feidhme ECRIS dá dtagraítear in Airteagal 4(4) go (7) de Rialachán (AE) 2019/816.

2. Déanfar an sásra fíoraithe cáilíochta sonraí dá dtagraítear i mír 1 a chomhtháthú i gcur chun feidhme thagairt ECRIS, déanfar é a fhorbairt mar fheidhmchlár bogearraí agus déanfar é a bhunú i lárchóras ECRIS-TCN.

3. Beidh eu-LISA freagrach as an sásra fíoraithe cáilíochta sonraí a fhorbairt, a chothabháil agus a thabhairt cothrom le dáta, de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2019/816.

4. I gcás nach mbainfidh na Ballstáit úsáid as an sásra fíoraithe cáilíochta sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus go mbainfidh siad úsáid ina ionad sin as a choibhéis ina mbogearraí náisiúnta do chur chun feidhme ECRIS, áiritheoidh siad go ráthófar leis na sonraí alfa-uimhriúla céanna, na sonraí méarlorg céanna agus an fíorú cáilíochta céanna ar íomhánna den aghaidh agus a ráthófar leis an sásra fíoraithe cáilíochta sonraí sin.';

([9]) Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta le haghaidh ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach) (IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj).

(3) in Airteagal 3, scriostar míreanna 1 agus 2;

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) scriostar míreanna 1, 2 agus 3;

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

'4. Chun críche an phróisis fíoraithe cáilíochta sonraí, bainfidh na Ballstáit úsáid as leagan 2.0 ar a laghad de mhéadracht Cháilíocht na nÍomhánna Méarlorg (NFIQ), arna shainiú ag NIST.';

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 4a seo a leanas:

'*Airteagal 4a*

Cáilíocht íomhánna den aghaidh

1. Beidh feidhm ag an bpróiseas fíoraithe cáilíochta sonraí maidir leis na híomhánna uile den aghaidh a iontráiltear nó a mhodhnaítear in ECRIS-TCN, agus áiritheoidh sé go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas ar a laghad:

(a) ní sholáthraítear ach íomhá amháin den aghaidh sa chomhad NIST agus cuirtear isteach í i gcomhréir le caighdeán ANSI/NIST-ITL 1-2011 Nuashonrú 2015, nó i gcomhréir le haon leagan níos nuaí atá ar fáil;

(b) is i liathscála, dath nó neas-infridhearg atá na híomhánna den aghaidh;

(c) tá cáilíocht na n-íomhánna den aghaidh bunaithe ar cheanglais íomhá ISO/IEC 19794-5:2011 maidir leis an gcineál íomhá den aghaidh, nó ar aon leagan níos nuaí atá ar fáil);

(d) leis an gcomhad NIST is féidir faisnéis chomhlántach a bheith ann, lena n-áirítear an dáta a ghlacadh an íomhá;

(e) tá taifeach íosta 600 picteilín faoi 800 picteilín agus taifeach uasta 1 200 picteilín faoi 1 600 picteilín ag na híomhánna den aghaidh, i mód portráide;

(f) tá spás laistigh den íomhá ag an aghaidh lena n-áirithítear 120 picteilín ar a laghad idir lár gach súile.

2. Diúltóidh ECRIS-TCN d'íomhánna den aghaidh, a iontráiltear nó a modhnaítear in ECRIS-TCN, nach gcomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, agus ní stórálfar ná ní phróiseálfar iad.';

(6) in Airteagal 7(2), leasaítear pointe (b) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

'(iii) líon na dtaifead ina bhfuil bratacha arna socrú i gcomhréir le hAirteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/816 le haghaidh ciontuithe i gcion sceimhlitheoireachta nó in aon chion coiriúil eile a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1240';

(b) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

'(viii) líon na dtaifead ina bhfuil íomhá den aghaidh;

(ix) líon na dtaifead ina bhfuil íomhá den aghaidh nár glacadh leo lena n-áireamh de bhun Airteagal 4a(2) den Chinneadh seo;';

(7) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2470 mar a leanas:

(1) sa tábla i Roinn I, cuirtear na línte seo a leanas leis:

‘Íomhá den aghaidh (comhad NIST)	Roghnach	Níl
Uimhir thagartha na híomhá den aghaidh	Éigeantach má sholáthraítear an íomhá den aghaidh	Níl’;

(2) sa tábla i Roinn III, cuirtear an líne seo a leanas leis:

‘Taifead sonraí náisiúnach tríú tír (le híomhá den aghaidh) a chruthú/athrú	Dearbhú: 30 soicind Cur i gcrích: 5 nóiméad	Dearbhú: 60 soicind Cur i gcrích: 10 nóiméad’.